



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2018

Scéim Mharcála

GAEILGE

Bonnleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018

GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

CUID I: AN CHLUASTUISCINT (120 marc)

Ceist 1 (14 mharc)

- (a) Bainisteoir óstáin = an tríú pictiúr ... 7 marc) = **14 mharc**
(b) Ar an Dart ... 7 marc)

Ceist 2 (14 mharc)

- (a) Siopa caife = an dara pictiúr ... 7 marc) = **14 mharc**
(b) A sé a chlog ... 7 marc)

Ceist 3 (8 marc)

- Oifig an phoist = an ceathrú pictiúr ... 8 marc) = **8 marc**

Ceist 4 (8 marc)

- An bosca ag an mbarr ar chlé (tic nó saighead sa bhosca) ... 8 marc) = **8 marc**

Ceist 5 (16 mharc)

- (a) Grianmhar, tirim = an tríú pictiúr ... 8 marc) = **16 mharc**
(b) Chuig an músaem staire ... 8 marc)

Ceist 6 (20 marc)

- (a) Cóisir mhór ... 10 marc) = **20 marc**
(b) Ag staidéar ... 10 marc)

Ceist 7 (20 marc)

- (a) Bhí sé éasca go leor ... 10 marc) = **20 marc**
(b) Go dtí an Phortaingéil ... 10 marc)

Ceist 8 (20 marc)

- (a) Bhí sé san ospidéal ... 10 marc) = **20 marc**
(b) Sa seomra staidéir ... 10 marc)

CUID II: ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

Ceist 1 Meaitseáil

(40 marc)

Uimhir an phictiúir	Litir
1	C
2	F
3	H
4	A
5	G
6	I
7	J
8	E
9	B
10	D

10 x 4 mharc = 40 marc

An Nós Marcála:

- An marc bronnta a chur sa bhosca (4 nó 0) agus an t-iomlán ag bun an leathanaigh, agus dhá líne faoi.
- An t-iomlán a chur in aice le huimhir na ceiste, agus ciorcal timpeall air agus é a aistriú go dtí an bosca cuí ar an ngreille ar an gclúdach.
- Beifear ag súil le litir ach glacfar le córas eile (uimhir an phictiúir in ionad litir an phictiúir) má tá sé soiléir / intuigthe.
- Iomlán carnach a bhreacadh ag bun an leathanaigh.

Ceist 2 Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos.

(50 marc)

(a) An Litir (25 marc)

- | | | | |
|----|-----------------|--------------|-----------|
| 1. | 15 Aibreán | ... 5 mharc) | |
| 2. | Treoraí | ... 5 mharc) | |
| 3. | Grád B1 | ... 5 mharc) | = 25 marc |
| 4. | Ciarraí | ... 5 mharc) | |
| 5. | Teistiméireacht | ... 5 mharc) | |

(b) An Bróisiúr (25 marc)

- | | | | |
|----|----------------|--------------|-----------|
| 1. | In Éirinn | ... 5 mharc) | |
| 2. | I mí Feabhra | ... 5 mharc) | |
| 3. | Seanchaisleáin | ... 5 mharc) | = 25 marc |
| 4. | Ar bhád | ... 5 mharc) | |
| 5. | Sna hóstáin | ... 5 mharc) | |

(c) An Scéal Nuachta (25 marc)

- | | | | |
|----|---------------------|--------------|-----------|
| 1. | Droichead Átha | ... 5 mharc) | |
| 2. | Ina mála láimhe | ... 5 mharc) | |
| 3. | 8.30 a.m. | ... 5 mharc) | = 25 marc |
| 4. | Ní raibh a pas aici | ... 5 mharc) | |
| 5. | I seomra leapa Úna | ... 5 mharc) | |

Nóta: Suimigh an dá mhóriomlán is airde a bhronntar agus scríobh an móriomlán in aice le huimhir na ceiste ar leathanach 6 agus cuir ciorcal timpeall air. Cuir lúibíní cearnacha timpeall iomlán na míre nach gcuirtear san áireamh.

Ceist 3 Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos.

(60 marc)

(a) An tAlt (30 marc)

- | | | |
|---------------------------|--------------|-----------|
| 1. Dochtúir | ... 6 mharc) | |
| 2. Go Londain | ... 6 mharc) | |
| 3. (Cúrsa) aisteoireachta | ... 6 mharc) | = 30 marc |
| 4. Cailín gorm | ... 6 mharc) | |
| 5. Ag léamh | ... 6 mharc) | |

(b) An Giota (30 marc)

- | | | |
|--|--------------|-----------|
| 1. An Taibhdhearc | ... 6 mharc) | |
| 2. Chun drámaíocht na Gaeilge a chur chun cinn | ... 6 mharc) | |
| Chun drámaíocht a chur chun cinn = 4 mharc | | |
| Chun Gaeilge a chur chun cinn = 4 mharc | | |
| Drámaíocht na Gaeilge = 4 mharc | | |
| Drámaíocht = 2 mharc | | |
| Gaeilge = 2 mharc | | |
| 3. Micheál Mac Liammóir | ... 6 mharc) | = 30 marc |
| 4. Geamaireacht | ... 6 mharc) | |
| 5. Mí Mheán Fómhair | ... 6 mharc) | |

(c) Na Véarsaí (30 marc)

- | | | |
|---------------------|--------------|-----------|
| 1. Abhaile | ... 6 mharc) | |
| 2. Soilse na sráide | ... 6 mharc) | |
| 3. Solas faoi luas | ... 6 mharc) | = 30 marc |
| 4. Cad atá ann? | ... 6 mharc) | |
| 5. Na spásairí | ... 6 mharc) | |

Nóta: Suimigh an dá mhóriomlán is airde a bhronntar agus scríobh an móriomlán in aice le huimhir na ceiste ar leathanach 9 agus cuir ciorcal timpeall air. Cuir lúbíní cearnacha timpeall iomlán na míre nach gcuirtear san áireamh.

Comhairle speisialta

- *faoi chumas*
- *faoi chumarsáid*
- *faoi chruinneas Gaeilge*
- *faoi ábhar nach bhfuil “ad rem”*
- *faoi ábhar neamhghnách.*

Ní ceartú atá i gceist anseo ach measúnú agus marcáil.

Déantar an mharcáil faoi dhá cheannteideal: Cumas Cumarsáide (**Cum**) agus Cruinneas Gaeilge (**Cr**).

Cumas Cumarsáide (Cum):

Cumas: An cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge.

Cumarsáid: Tagann cumarsáid i gceist nuair is féidir linn teachtaireacht agus smaointe an iarrthóra a thuiscint.

Is ionann seo agus an cumas atá san iarrthóir an tasc cumarsáide a tugadh dó/di a chomhlíonadh.

Cruinneas Gaeilge (Cr):

- (i) Dul na Gaeilge - struchtúir na Gaeilge agus beachtas gramadaí
- (ii) Foclóir - cruinneas agus oiriúnacht foclóra
- (iii) Litríú

Ábhar nach bhfuil “ad rem”:

Cuirfear comhairle ar scrúdaitheoirí ina thaobh seo i gcás gach focheiste.

Ábhar Neamhghnách:

Cuirfidh an scrúdaitheoir comhairleach comhairle ar an scrúdaitheoir faoi seo.

Ná glac le Béarla.

Nóta: Má dhéantar an dá rogha i gCeist 4 nó i gCeist 5, marcáil an dá iarracht agus bronn an marc is airde. Cuir lúibíní cearnacha thart ar an marc is ísle. Scríobh an marc bronnta in aice le huimhir na ceiste.

Ceist 4 Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

(a) Fógra (40 marc)

Cumas Cumarsáide = 30 marc

= **40 marc**

Cruinneas Gaeilge = 10 marc

Tasc → Fógra a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

Cumas Cumarsáide

= **30 marc**

(i) Leagan Amach = 1 mharc

- Iarracht ar fhógra (tic leis an bhfocal *Fógra* agus san imeall) = 1 mharc

(ii) Treoracha = 29 marc

- **Pictiúr 1 (8 marc)**

- Cén rud a bheidh ar siúl? 4 mharc
- Cén áit? 4 mharc

- **Pictiúr 2 (13 mharc)**

- Cén lá? 4 mharc
- Cén dáta? 3 mharc
- Cén t-am? 3 mharc
- Cén táille? 3 mharc

- **Pictiúr 3 (4 mharc)**

- Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair? 4 mharc

- **Pictiúr 4 (4 mharc)**

- Cad a dhéanfar leis an airgead? 4 mharc

Leagan Amach = 1 mharc

Pictiúr 1 = 4 + 4 = 8 marc

Pictiúr 2 = 4 + 3 + 3 + 3 = 13 mharc

Pictiúr 3 = 4 = 4 mharc

Pictiúr 4 = 4 = 4 mharc

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid	Cum (30) =
Cruinneas Gaeilge	Cr (10) =

Cruinneas Gaeilge

= **10 marc**

Bronn marc as 10 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

Iarracht ar fhógra

1 mharc

Más iarracht ar Fhógra atá ann cuir tic leis an bhfocal “Fógra” agus bronn marc amháin ar an bhfógra.

Pictiúr 1

Cén rud a bheidh ar siúl?

4 mharc

Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc: *Siúlóid 10 gciliméadar, Siúlóid 10km, Siúlóid 10K, siúlóid fhada, siúlóid mhór, siúlóid scoile...*

Glac leis na freagraí seo ar 2 mharc: *siúlóid, daoine/páistí ag siúl...*

Pictiúr 1

Cén áit?

4 mharc

Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc: *Mala...nó ainm áite ar bith i nGaeilge. Áit/ionad: sa bhaile, sa scoil, ar an mbóthar, faoin tuath...*

Ná bronn aon mharc ar *ainm áite i mBéarla*.

Pictiúr 2

Cén lá?

4 mharc

Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc: *lá ar bith atá ainmnithe nó inniu, anocht, amárach, ag an deireadh seachtaine, an tseachtain seo chugainn...*

Beidh pionós -1 i gceist má luaitear an Aimsir Chaite: *Dé Luain seo caite...*

Pictiúr 2

Cén dáta?

3 mharc

Glac le dáta ina bhfuil an mhí litrithe. Ní gá an bhliain a bheith luaite.

Samplaí: *13 Aibreán, 26 Bealtaine 2018...*

Pionós -1 i gceist i gcás figiúirí mar shampla *8/6, 16/7/2018...*

Pionós -1 i gceist má tá an mhí litrithe ach gan dáta cinnte luaite: *Meitheamh, Meitheamh 2018*

Glac leis an iarracht seo ar 1 mharc: *3ú (gan an mhí)*

Ná bronn aon mharc ar fhiigiúr lom.

Pictiúr 2

Cén t-am?

3 mharc

Glac le ham ar bith atá inghlactha sa chomhthéacs.

Samplaí: *A deich a chlog, 10 a.m., am lóin, 10 a.m.-2 p.m., tar éis na scoile, meán lae...*

Pictiúr 2

Cén táille?

3 mharc

Beifear ag súil le méid áirithe airgid le comhartha euro agus ceangal éigin le táille.

Samplaí: *Táille: €5, Cúig euro mar chead isteach, Ticéad €5, Táille €5...*

Pionós -2 i gceist i gcás méid airgid leis féin nó sa chás go bhfuil an comhartha euro/airgid in easnamh.

Pictiúr 3

Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair?

4 mharc

Beidh ionramháil ag teastáil.

Samplaí: *Conor Murray ann/i láthair/ar an stáitse/sa scoil/ar an líne ag deireadh na siúlóide/mar aoi speisialta...*

Pionós -3 i gcás ainm lom gan aon cheangal/gan aon ionramháil.

Ná glac le hainm aon duine eile.

Pictiúr 4 Cad a dhéanfar leis an airgead? 4 mharc

Beidh ionramháil ag teastáil a chuirfidh in iúl go mbeidh an t-airgead ag dul go Scoil...go dtí an An Seomra Ceoil...

Samplaí: *Ar son na scoile, Airgead ag dul go (dtí an) Seomra Ceoil,*

Airgead: Seomra Ceoil, Airgead → Seomra Ceoil, ar son ceoil...

“Seomra Ceoil” leis féin = 0

Cuir tic le gach freagra ar na mioncheisteanna. Léirigh na marcanna.

- Leagan Amach = 1
- Pictiúr 1 = 4 + 4 = 8
- Pictiúr 2 = 4 + 3 + 3 + 3 = 13
- Pictiúr 3 = 4 = 4
- Pictiúr 4 = 4 = 4

Cruinneas Gaeilge

= 10 marc

Bronn marc as 10 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid Cum (30) =

Cruinneas Gaeilge Cr (10) =

NÓ

4 (b) Foirm Iarratais (40 marc)

Tasc → Foirm iarratais a líonadh - tá ceisteanna le freagairt agus **alt gearr** (timpeall 40 focal) le scríobh.

Cumas Cumarsáide	= 30 marc	
		= 40 marc
Cruinneas Gaeilge	= 10 marc	

Cumas Cumarsáide **= 30 marc**

Na Ceisteanna (15 mharc)

Cuir tic le gach freagra ar na mioncheisteanna.

Uimhir theileafóin	1 mharc	2 mharc
Seoladh	2 mharc	4 mharc
Aois	1 mharc	2 mharc
Dáta Breithe	1 mharc	2 mharc
Cén Scrúdú Teistiméireachta atá déanta agat?	1 mharc	2 mharc
Cúig ábhar scoile a rinne tú sa scrúdú sin:	5 mharc	10 marc
An réitíonn tú go maith le daoine?	½ mharc	1 mharc
An mbeidh tú sásta a bheith ag obair ar an Satharn?	½ mharc	1 mharc
An bhfuil tú ábalta ríomhphost a sheoladh?	½ mharc	1 mharc
Luaigh trí chaitheamh aimsire atá agat.	1½ mharc	3 mharc
Cuir tic (✓) leis an dáta is fearr leat le haghaidh agallaimh:	½ mharc	1 mharc
Dáta (ag bun na foirme)	½ mharc	1 mharc
	15 mharc	30 ÷ 2 = 15 mharc

Nóta: Ná bíodh ½ mharc le feiceáil in aon áit (m.sh $21 \div 2 = 10 \frac{1}{2} = 11$ mharc)

Uimhir theileafóin: Beifear ag súil leis an gcód i gcás an fhóin póca: 085 1234567

Seoladh: Dhá chuid ag teastáil as Gaeilge.

Aois: Glac le figiúirí ach an aois a bheith réasúnta cruinn.

Dáta Breithe: Dhá chuid ag teastáil, i bhfocail, *Márta 1998, 23 Márta* nó i bhfigiúirí: 12/4/1998

Cén Scrúdú Teistiméireachta atá déanta agat?: Glac leis na scrúduithe seo a leanas: An Ardeistiméireacht, An Teastas Sóisearach nó an tSraith Shóisearach...

Cúig ábhar scoile a rinne tú sa scrúdú sin: Ná glac le hábhar ar bith i mBéarla seachas LCVP. Glac le hábhar ar bith a dhéantar ar scoil agus iarracht déanta ar é a litriú i gceart as Gaeilge.

An réitíonn tú go maith le daoine?: Freagra cumarsáideach ag teastáil.

An mbeidh tú sásta a bheith ag obair ar an Satharn?: Freagra cumarsáideach ag teastáil.

An bhfuil tú ábalta ríomhphost a sheoladh?: Tá/Níl, Sea/Ní hea, Is féidir/Ní féidir...

Trí chaitheamh aimsire: Glac le drochlitríú más léir gur leagan Gaeilge atá ann (sacar, galf...) Glac le ceann amháin díobh seo: Facebook, Twitter, Snapchat... ach gan an dara ceann a chur san áireamh.

Cuir **tic** (✓) leis an dáta is fearr leat le haghaidh agallaimh: (tic amháin)

Dáta (ag bun na foirme): Glac le figiúirí loma ach trí chuid a bheith ann.

An t-Alt (15 mharc)

Tasc → Alt (timpeall 40 focal) a scríobh ag insint cén fáth ar mhaith leat post samhraidh mar chúntóir sa siopa ríomhaireachta seo.

- Cumarsáid a mharcáil as 15 mharc má tá an t-alt “ad rem”. Ní mór don iarrthóir tagairtí a dhéanamh do bheith ag lorg oibre/ag obair i siopa ríomhaireachta.
- Cumarsáid a mharcáil as 5 mharc mura bhfuil an t-alt “ad rem”.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta (mar shampla: mura bhfuil ann ach 30 focal agus é a bheith “ad rem”, déanfar an t-alt a mharcáil as 15 mharc agus bainfear 25% den mharc bronnta).
- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcanna bronnta agus bainte a léiriú.

Cruinneas Gaeilge

= 10 marc

Bronn marc as 10 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

Caithfidh an marc don Chruinneas a bheith bunaithe ar an iarracht ina hiomláine (na freagraí ar na ceisteanna agus an t-alt gearr (timpeall 40 focal)).

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid Cum (30) =

Cruinneas Gaeilge Cr (10) = _____

Ceist 5 Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

(a) Cuntas (50 marc)

Cumas Cumarsáide = 37 marc

= 50 marc

Cruinneas Gaeilge = 13 mharc

Tasc → Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile bunaithe ar an ábhar:
“**Turas Rothaíochta Faoin Tuath**” mar atá léirithe sa phictiúr.

Cumas Cumarsáide **= 37 marc**

- Níor mhór **cúig** thagairt ar a laghad a bheith sa chuntas d’imeachtaí nó do thosca na hócáide. Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Ná glac le cóipeáil lom.
- Pionós (-5 ón 37 atá ar fáil) i gcás gach tagairt in easnamh. ($37-5_t = 32$)
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta (mar shampla: mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as an marc atá ar fáil don iarracht agus ansin 50% a bhaint den mharc bronnta).
- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcanna bronnta agus bainte a léiriú.

Glac le tagairtí do na rudaí seo a leanas:

Insint faoi dhul ar thuras rothaíochta...an dáta...an t-am...daoine eile a bhí ar an turas...an tuath - crainn, páirceanna, cnoic, carranna ar an mbóthar...an t-atmaisféar...an aimsir...an áit...comhartha...na rothair...ag rothaíocht...ag comhrá...ag canadh...an phicnic...ag ithe agus ag ól...an raidió...ag caint agus ag gáire...ag rince...ag éisteacht le ceol...ag imirt peile...an bosca bruscair...éadaí...tuairim faoin lá...ar thaitin an turas leat?...mar a mhothaigh tú nuair a bhí an lá thart...

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: T₁, T₂, T₃, T₄, T₅

Cruinneas Gaeilge **= 13 marc**

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid	Cum (37) =
Cruinneas Gaeilge	Cr (13) =

Nó

(b) Eachtra (50 marc)

Cumas Cumarsáide	= 37 marc	= 50 marc
Cruinneas Gaeilge	= 13 mharc	

Tasc → Scríobh faoin **gCeolchoirm** (timpeall 90 focal) in Iris na Scoile.

Cumas Cumarsáide

= 37 marc

- Bheadh tagairt amháin do gach aon phictiúr tábhachtach le go mbeadh fás nádúrtha ag baint leis an ócáid. **Cúig** thagairt ag teastáil san iomlán. Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Ná glac le cóipeáil lom.
- Pionós (-5) i gcás gach tagairt in easnamh. ($37 - 5_t = 32$)
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta (mar shampla: mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as an marc atá ar fáil don iarracht agus ansin 50% a bhaint den mharc bronnta).
- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcanna bronnta agus bainte a léiriú.

Cruinneas Gaeilge

= 13 mharc

Tá **cúig** thagairt ag teastáil. Ceann do gach pictiúr (T_1, T_2, T_3, T_4) agus aon tagairt amháin eile (T_5). Pionós -5 i leith gach tagairt atá in easnamh a bhaint den 37 marc atá ar fáil don Chumarsáid anseo.

Marcáil an Chumarsáid as an marc atá fágtha ina dhiaidh sin (37, 32, 27, 22, nó 17).

Glac leis na tagairtí seo a leanas:

Pictiúr 1

Na déagóirí... póstaer ar an mballa in áit éigin (siopa ceoil...)... póstaer ar an teilifís/ar an idirlíon/ar líne... banna ceoil ag seinm ceoil... airgead... €50 ar an ticéad... cheannaigh... chosain an ticéad... ag comhrá... áthas... sona sásta...

Pictiúr 2

An t-am... an aimsir... an bus... slua daoine taobh amuigh... ag dul ar an mbus... sceitimíní áthais...

Pictiúr 3

Ag an gceolchoirm... an cheolchoirm ar siúl... an banna ceoil ag seinm ar an stáitse... ag damhsa... ag canadh... ag bualadh bos... áthas/bród... grianghraf ar an bhfón... an t-atmaisféar...

Pictiúr 4

Sa bhialann...an t-am...an bia...daoine eile sa bhialann...an freastalaí...tuairimí faoin mbéile... bhain...taitneamh as...bus abhaile ar a haon déag a chlog...tuirseach traochta...sona sásta...

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: T₁, T₂, T₃, T₄, T₅

Cruinneas Gaeilge

= 13 mharc

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid Cum (37) =

Cruinneas Gaeilge Cr (13) =

Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socrúithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Ceist 4 (a) nó (b) Fógra nó Foirm Iarratais

Ceist 5 (a) nó (b) Cuntas nó Eachtra

Marcáil an t-ábhar sna freagraí i gCeist 4 agus i gCeist 5 de réir na gnáthscéime marcála.

Ceist 4 (a) nó (b) Fógra nó Foirm Iarratais

Cruinneas Gaeilge = 10 marc

Ceist 5 (a) nó (b) Cuntas nó Eachtra

Cruinneas Gaeilge = 13 mharc

Déantar measúnú ar Chruinneas Gaeilge na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litríthe san áireamh.

Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc as 10 nó as 13 á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn, Cruinnúsáid na Copaile, Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra, Cruinnúsáid na réamhfhocal...

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus marc as 10 nó as 13 á bhronnadh ar an iarracht: litriú, úsáid an úraithe, úsáid an tséimhithe, aontú ainmfhocal is aidiachtaí...

		Ceist 4 (a) nó (b) Marc as 10	Ceist 5 (a) nó (b) Marc as 13
Sármhaith	Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	9-10	12-13
An-mhaith	Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	7-8	10-11
Maith	Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	5-6	8-9
Maith go leor	Cruinnúsáid maith go leor de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	4	6-7
Lag	Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	3	4-5
An-lag	Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	2	2-3
Easnamhach	Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	1	1

Ní mór don scrúdaitheoir “**SMM i bhfeidhm-scrúd.**” a scríobh ar chlúdach an fhreagarleabhair nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

An Triail Chluastuisceana

Ceist a hAon (Canúint na Mumhan)

Is mise Síle Ní Bhroin. Táim i mo chónaí i mBré, Co. Chill Mhantáin. Nuair a d'fhág mé an mheánscoil, rinne mé cúrsa grianghrafadóireachta sa choláiste. Fuair mé mo chéad phost i siopa fón ach dúnadh an siopa sin tar éis bliana. Ina dhiaidh sin, d'oibrigh mé mar rúnaí oifige. Ach níor thaitin an obair liom agus d'fhág mé an post sin. Faoi láthair, is bainisteoir óstáin mé. Táim ag obair in óstán i lár na cathrach. Cheannaigh mé mo charr féin an bhliain seo caite. Ní thiomáinim an carr isteach go lár na cathrach mar bíonn an trácht trom. Bíonn an bus rómhall dom agus, mar sin, téim ar an Dart go lár na cathrach gach maidin.

Ceist a Dó (Canúint Chonnacht)

Osclaíodh siopa caife nua i Ros Muc an mhí seo caite. Tá sé suite ar an bpríomhshráid in aice leis an scoil. Níl sé rófhada ón ionad spóirt ná ón leabharlann. Osclaítear ar leathuair tar éis a hocht gach maidin é. Tá bia agus caife den scoth ar fáil ann. Tá muintir na háite an-sásta leis agus tagann a lán daoine isteach ann chun cupán caife agus cístí blasta a cheannach. Bíonn anraith agus ceapairí ar fáil óna dó dhéag a chlog go dtí leathuair tar éis a dó. Má theastaíonn sos uait, buail isteach agus lig do scíth. Dúntar an siopa caife nua seo ar a sé a chlog gach tráthnóna.

Ceist a Trí (Canúint Uladh)

Ar an mbóthar...torann tráchta

Bean: Gabh mo leithscéal, ach an bhfuil a fhios agat cá bhfuil oifig an phoist, le do thoil? Ba mhaith liom litir chláráithe a sheoladh chuig mo mhac i Sasana.

Fear: Tá oifig an phoist cúpla céad méadar ón áit seo. Téigh díreach ar aghaidh thar an siopa gruagaire, síos chomh fada le bun an bhóthair. Cas ar chlé ag an stáisiún dóiteáin. Téigh thar an phictiúrlann agus ansin feicfidh tú oifig an phoist ar thaobh na lámhe deise. Déan deifir mar imíonn an post cláráithe ar a cúig a chlog gach tráthnóna.

Bean: Go raibh míle maith agat. Caithfidh mé rith.

Ceist a Ceathair (Canúint Chonnacht)

Ar an tsráid...carr ag stopadh

Fear: Heileo. Gabh mo leithscéal, a dhuine uasail. Táim tar éis dul ar strae. An bhféadfá a insint dom, le do thoil, cá bhfuil an t-ionad sláinte? Cheap mé go raibh sé áit éigin i lár an bhaile.

Bean: Tá tú an-ghar don ionad sláinte. Lean ort díreach ar aghaidh go dtí na soilse tráchta. Cas ar chlé ansin. Téigh thar an ospidéal. Ansin, tóg an dara casadh ar dheis. Feicfidh tú an t-ionad sláinte ag barr an bhóthair sin ar thaobh na lámhe clé.

Fear: Díreach ar aghaidh go dtí na soilse tráchta, ar chlé ansin, agus ansin an dara casadh ar dheis. Beidh an t-ionad sláinte ar thaobh na lámhe clé. Go raibh míle maith agat.

Bean: Fáilte romhat, a dhuine uasail.

Ceist a Cúig (Canúint Uladh)

An Príomhoide ag caint libh. Seo fógra do na scoláirí sa chúigiú bliain. Tá na ticéid ar fad don turas scoile amárach díolta amach. Beidh an aimsir grianmhar tirim ar maidin. Ní bheidh sé gaofar ná scamallach ar maidin. Rachaimid go dtí an trá ar dtús agus beidh cluiche peile againn ar an trá. Beirígí libh lóis ghréine agus buidéal uisce mar deirtear go mbeidh sé an-te ar maidin. Críochnóidh an cluiche sin roimh mheán lae. Ina dhiaidh sin, beidh an lón againn san ionad siopadóireachta. Rachaimid ar cuairt chuig an músaem staire ar a dó a chlog. Fillfidh an bus ar an scoil ar a cúig a chlog. Ná bígí mall ar maidin mar fágfaidh an bus carrchlós na scoile ag ceathrú go dtí a naoi.

Ceist a Sé (Canúint na Mumhan)

Ar an teileafón...

Áine: Haigh, a Liam, Áine anseo. Conas atá tú?

Liam: Go breá, a Áine, go raibh maith agat. Aon scéal?

Áine: Ar chuala tú faoin oíche mhór a bheidh ar siúl sa chlub óige an deireadh seachtaine seo chugainn?

Liam: Chuala mé ráfla ach níl aon eolas agam faoin oíche. Céard a bheidh ar siúl?

Áine: Tá sé fiche bliain ó bunaíodh an club óige agus beidh ceiliúradh speisialta ar siúl Dé hAoine seo chugainn.

Liam: An mbeidh ceolchoirm nó seó tallainne ar siúl?

Áine: Ní bheidh, a Liam. Beidh cóisir mhór ann.

Liam: Inis dom faoi na pleananna don chóisir mhór mar sin, a Áine.

Áine: Tosóidh na himeachtaí sa chlubtheach ar a hocht a chlog. Beidh aíonna speisialta i láthair. Tabharfaidh rúnaí an chlub óráid speisialta faoi obair an chlub. Agus beidh sólaistí ar fáil ansin.

Liam: Agus cad eile a bheidh ar siúl?

Áine: Beidh dioscó ann ina dhiaidh sin do na déagóirí. Is maith leatsa a bheith ag damhsa, a Liam, nach maith?

Liam: Ó is breá liom ceol agus damhsa gan dabht. An mbeidh tú féin i láthair, a Áine?

Áine: Beidh, agus tá súil agam go mbeidh cead agam fanacht don dioscó. Caithfidh mé an scéal a phlé le mo Mham ar dtús. Bíonn sí buartha faoin staidéar i gcónaí.

Liam: Nach féidir leat an staidéar a dhéanamh ar an Satharn?

Áine: Sin plean maith. Caithfidh mé an Satharn ar fad ag staidéar. Ní rachaidh mé ag siopadóireacht ná ag traenáil.

Liam: Beidh mise ag an gcóisir, cinnte. Feicfidh mé ann thú.

Áine: Cuirfidh mé ceist ar mo mháthair faoin dioscó nuair a rachaidh mé abhaile. Seolfaidh mé téacs chugat níos déanaí.

Liam: Slán, a Áine.

Ceist a Seacht (Canúint Chonnacht)

Clár: Haigh, a Phóil, cad a cheap tú den scrúdú Staire ar maidin?

Pól: Ó, a Chláir, bhí an scrúdú Staire sin an-deacair. Bhí na ceisteanna rófhada.

Clár: Cheap mé go raibh an scrúdú Staire éasca go leor.

Pól: Ag magadh fúm atá tú, a Chláir. Níor thaitin an scrúdú liom in aon chor chun an fhírinne a rá.

Clár: Ná bí buartha, a Phóil. Beidh deireadh leis na scrúduithe ar fad i gceann cúpla lá.

Pól: Buíochas le Dia. An bhfuil tú ag dul ar laethanta saoire an samhradh seo, a Chláir?

Clár: Níl. Tá post páirtaimseartha faighte agam i mbialann sa bhaile mór. Beidh mé ag freastal ar na custaiméirí agus ag ní na ngréithe. Beidh orm a bheith ag obair gach deireadh seachtaine óna naoi a chlog ar maidin go dtí a trí san iarnóin.

Pól: Tá sé sin go maith, a Chláir. Beidh mise ag dul ar saoire thar lear i mí Lúnasa.

Clár: Cá mbeidh tú ag dul?

Pól: Beidh mé ag dul go dtí an Phortaingéil le mo mhuintir i mí Lúnasa. Chuireamar teach in áirithe ar an idirlíon agus táimid ag súil go mór leis an tsaoire. Bhíomar sa Spáinn anuraidh agus bhaineamar go léir an-taitneamh as. Thaitin an ghrian agus an teas linn.

Clár: Ó, táim in éad leat. Cad a dhéanfaidh tú sa Phortaingéil?

Pól: Ligfidh mé mo scíth. Rachaidh mé ag snámh. Beidh béile breá againn gach oíche.

Clár: Nach ort atá an t-ádh. Beidh mise sa bhaile anseo in Éirinn ag obair.

Ceist a hOcht (Canúint Uladh)

Ciara: Ní fhaca mé ar scoil inné thú, a Eoin. Cá raibh tú?

Eoin: Bhí mé san ospidéal i Ros Comáin inné. Féach ar an phlástar ar chaol mo láimhe.

Ciara: Cad é a tharla duit, a Eoin?

Eoin: Bhí mé ag imirt iománaíochta le foireann na scoile tráthnóna Dé Céadaoin nuair a bhain taisme dom.

Ciara: Cad é go díreach a tharla?

Eoin: Bhí an talamh fliuch. Sciorr mé ar pháirc na himeartha. Thit mé go trom ar chaol mo láimhe.

Ciara: Ó, mo thrua. Cad é a tharla ansin?

Eoin: Bhí caol mo láimhe rud beag pianmhar ach chuaigh mé abhaile. Ach baineadh geit asam nuair a mhúscail mé maidin inné. Bhí caol mo láimhe ata agus an-phianmhar. Thóg mo Mham isteach go dtí an Rannóg Timpistí agus Éigeandála san ospidéal mé.

Ciara: Cad é a tharla ansin?

Eoin: Bhuel, scrúdaigh an dochtúir caol mo láimhe. Rinneadh X-ghathú air. Dúradh liom go raibh cnámh briste ann. Cuireadh an plástar mór seo orm. Tá sé iontach míchompordach. Níl cead agam cluichí a imirt go ceann sé seachtaine.

Ciara: Is mór an trua é sin, a Eoin. Beidh an lá mór spóirt sa scoil Déardaoin seo chugainn. Tá mé ag súil go mór leis mar beimid saor ó na ranganna. Ní bheidh tusa ábalta páirt a ghlacadh sna comórtais.

Eoin: Ní bheidh, a Chiara. Ach ní hé sin an rud is measa. Ní bheidh cead agam fanacht sa bhaile. Beidh orm a bheith istigh sa seomra staidéir an lá ar fad ag déanamh obair bhaile.

Ciara: Ó mo thrua thú. Caillfidh tú lá iontach spóirt.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

